# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Gabhann 5 mharc le gach ceist)**

**1.** Sna traidisúin reiligiúnacha ciallaíonn 'athmhuintearas' ____________________

____________________________________________

**2.** Bhí an Ghailíl ina cúige sa Phalaistín in aimsir Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**3.** Is é atá san ildiachas ná creideamh i ____________________

____________________________________________

**4.** Cé acu ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an teideal Raibí leis mar cheannaire?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An Giúdachas ☐

**5.** Sna traidisiúin reiligiúnacha is é is 'gairm' ann ná glaoch chun ____________________

**6.** Is ionad adhartha é an Mosc a luaitear leis an Hiondúchas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Is é an dearcadh atá ag an agnóiseachas ná ____________________

____________________________________________

**8.** Léigh liosta na n-áiteanna oilithreachta agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Meaitseáladh áit oilithreachta amháin leis an reiligiún is mó a mbaineann sé leis, mar shampla duit. Déan péire **amháin** eile a mheaitseáil.

| *Áiteanna Oilithreachta* |
|---|
| An Bheithil |
| Bodh Gaya |
| Meice |
| Abhainn na Gainséise |
| Balla an Olagóin/ An Balla Thiar |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | An Bheithil | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**9.** Do dhuine reiligiúnach is é atá i gceist le 'peaca' ná ______________________________

______________________________________________________________________

**10.** Cé acu ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a luaitear Na Cúig Cholún leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**11.** Sna traidisiúin reiligiúnacha, is é is brí le 'údarás' a bheith ag duine ná ______________________

______________________________________________________________________

**12.** In Éirinn, is áit thábhachtach reiligiúnach í Cruach Phádraig. Ainmnigh áit thábhachtach reiligiúnach eile in Éirinn ______________________________________________

**13.** Luaitear Dlí an Karma leis an Ioslamachas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**14.** Sna traidisiúin reiligiúnacha, is cineál paidre í 'achainí' agus is é atá i gceist léi ná ____________

______________________________________________________________________

**15.** Sampla de bhéile a roinn Íosa le duine eile is ea - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Ciúnú na Stoirme ☐ An Samárach Maith ☐ An Cruinniú le Zacháias ☐

**16.** Sna traidisiúin reiligiúnacha, is é atá i 'sainaicme chreidimh' ná ______________________

______________________________________________________________________

**17.** Is é an dearcadh atá ag an Daonnachas go ______________________________________

______________________________________________________________________

**18.** Is soiscéal sionoptach é Soiscéal Mharcais. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**19.** Tréith amháin a bhíonn ag pobail is ea an chumarsáid.
Ainmnigh tréith eile a bhíonn ag pobail ______________________________________

**20.** Úsáideann duine a c(h)oinsias chun ____________________________________________

______________________________________________________________________

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH. **(Gabhann 10 marc le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de shiúr reiligiúnach agus í ag freastal ar riachtanais daoine eile.**



*Veritas*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint go bhfuil an tsiúr reiligiúnach seo ag freastal ar riachtanais daoine eile.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Ainmnigh sampla **amháin** de phobal.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**C.** Mol **dhá** chúis a dteastaíonn ó dhaoine cónaí i bpobal.

i. ______________________________


______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Tá an líníocht seo bunaithe ar an Suipéar Déanach.**



*Octopus Books Ltd.*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa líníocht a thaispeánann gurb é seo an Suipéar Déanach.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Cé acu lá de na laethanta seo a leanas a rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh? – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Dé Céadaoin ☐ Déardaoin ☐ Dé hAoine ☐

(2 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** chúis a raibh an Suipéar Déanach tábhachtach do na chéad Chríostaithe.

i. ______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 3.** **Taispeánann an grianghraf seo sampla den mhaoirseacht.**



*www.conservancy.bc.ca*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thaispeánann gur sampla den mhaoirseacht é seo.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cad is maoirseacht ann?

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**C.** Tabhair **dhá** shampla eile den mhaoirseacht.

i. __________________________________________

____________________________________________

ii. __________________________________________

____________________________________________

(4 mharc)

**Ceist 4.** **Seo grianghraf de dhaoine agus a reiligiún á chleachtadh acu.**



*Flame Tree Publishing*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil a reiligiún á chleachtadh ag na daoine seo.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair cúis **amháin** a ndéanann daoine a reiligiún a chleachtadh mar seo.

____________________________________________

____________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** shlí eile a bhféadann daoine a reiligiún a chleachtadh.

i. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

ii. __________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN LITIR SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA THÍOS.

*Hóigh, a Dhia,*

*Mise atá ann. Tá a fhios agam nach gcloiseann tú uaim de ghnáth ach d'iarr mo mhúinteoir orm cúpla líne a scríobh chugat. Tá gach rud go maith, mhuise – nílim bréan agus tuirseach de rudaí mar a bhím de ghnáth! Táim díreach ar ais ó chúrsa spioradálta. Cheap mé go mbeadh sé leadránach, ach bhí ar gach duine dul agus mar sin chuaigh mé.*

*Bhuel, ní raibh sé leadránach in aon chor; bhí sé go hiontach! Rinneamar na rudaí seo go léir inár ngrúpaí agus bhí sin bhí an-mhealltach. Cuid de na cainteanna a bhí againn, bhí siad an-ghreannmhar. Fiú nuair a d'éirigh daoine dáiríre faoi rudaí sa saol, bhí gach duine ag éisteacht. Labhraíomar le chéile, inár ngrúpaí beaga, faoin saol agus faoi cad atá tábhachtach dúinn. Dúirt mé stuif nach ndúirt mé amach os ard riamh roimhe seo. An rud a thaitin liom faoin lá ná gur éist daoine leis an rud a bhí le rá agam. Léirigh siad an-tuiscint dom agus d'éist mise go géar freisin leis an rud a bhí le rá acu sin faoina saol. Fuaireamar go léir a lán amach faoina chéile. Bhí an-chomhbhá le brath go láidir i measc an ghrúpa. Is ait an rud mise a bheith ag caint mar seo, ach caithfidh mé a rá go raibh sé go fíormhaith.*

*Bhí amanna ciúine againn freisin i rith an chúrsa spioradálta nuair nár labhair aon duine agus d'fhéadfaimis smaoineamh ar ár mothúcháin agus ar na rudaí a raibh meas againn orthu sa saol. D'éisteamar le hamhrán le linn sheirbhís na paidreoireachta, 'Bí lúcháireach sa Tiarna de shíor'. Bhí meangadh gáire ar gach duine agus d'oir sé go hiontach don tslí ar bhraitheamar. Ansin bhí an deis againn go léir rudaí a thaitin linn faoinár saol a lua. Chuimhnigh a lán daoine ar rudaí difriúla a raibh siad buíoch astu. Fiú, luaigh duine éigin go bhfuair siad cabhair ó rud éigin a dúirt mise. Bhí an-áthas orm gur thug duine éigin moladh chomh hard sin do rud a bhí ráite agam. Mhéadaigh agus mhéadaigh arís ar na rudaí a raibh daoine sona fúthu agus theastaigh ó gach duine níos mó agus níos mó arís a chloisteáil.*

*Bhain mé an-taitneamh as an gcúrsa spioradálta. Cinnte ní raibh mé tuirseach de.*

*Mo bhuíochas leat, a Dhia, as gach rud a tharla.*

*Sam.* *(Foinse: Curtha in oiriúint ó Saint Mary's Press)*

**1.** Machnamh ☐ Meas ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na focail thuas agus tabhair breac-chuntas ar conas a thaispeánann an litir seo cad is brí leis.

(15 mharc)

**2.** Tabhair cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach do bhaill phobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air, meas a thaispeáint.

(10 marc)

**3.** Paidir mholta ☐ Paidir bhuíochais ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** den dá chineál paidre thuas, a bhfuil staidéar déanta agat air.
Tabhair breac-chuntas ar cad atá i gceist sa chineál paidre a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(10 marc)

**4.**
- Paidir mholta
- Paidir bhuíochais

Tabhair breac-chuntas ar conas atá ceann **amháin** den dá chineál paidre thuas le feiceáil sa litir seo.

(15 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Gabhann 50 marc le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** Slí amháin chun ceannasaíocht a thabhairt do phobal ná treoir a thabhairt. Tabhair breac-chuntas ar an rud a bheadh i gceist in **dhá** shlí eile a bhféadfadh ceannaire ceannaireacht a thabhairt do phobal.

i.

ii.

(20 marc)

**B.** Mínigh conas is féidir leis an tslí a dtugtar ceannaireacht do phobal tionchar a imirt ar bhaill an phobail.

(20 marc)

**C.** Ról amháin a d'fhéadfadh a bheith ag duine laistigh de phobal ná bheith ina cheannaire. Déan cur síos ar ról **eile** a d'fhéadfadh a bheith ag duine laistigh de phobal.

(10 marc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** Déan cur síos ar eachtra **amháin** i saol Íosa ba chúis lena bhás.

(15 mharc)

**B.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a raibh an eachtra, a bhfuil cur síos déanta agat uirthi thuas, ina cúis le bás Íosa.

i.

ii.

(20 marc)

**C.** Tabhair breac-chuntas ar conas a chuaigh bás Íosa i bhfeidhm ar na daoine a bhí á leanúint.

(15 mharc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas a bhfuil staidéar déanta agat air.

a. Ainmnigh duine tábhachtach **amháin /grúpa** tábhachtach daoine i scéal bunaidh an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas ________________________________________

(5 mharc)

b. Mínigh an fáth a bhfuil an duine/grúpa daoine atá ainmnithe agat tábhachtach i scéal bunaidh an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(10 marc)

**B**. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a dtéann scéal an lucht leanúna tosaigh i bhfeidhm ar bhaill an lae inniu sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(15 mharc)

**C.** Mínigh conas atá ceangal idir an reiligiún domhanda, a bhfuil tic curtha agat leis thuas, agus mór-reiligiún domhanda eile.

(20 marc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** *Uaireanta tarlaíonn rudaí do dhaoine a chuireann ag smaoineamh iad ar bhrí na beatha.*

Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh duine ceisteanna a chuir faoi bhrí na beatha de bharr eachtra sa saol.

(20 marc)

**B.** a. An tÁbharachas ☐ An Dí-eaglaiseachas ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh sin thuas agus déan cur síos ar cad is brí leis.

(10 marc)

b. Mínigh conas a d'fhéadfadh an t-ábharachas *nó* an dí-eaglaiseachas dúshlán a thabhairt do chreideamh reiligiúnach duine.

(20 marc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. Tabhair sampla **amháin** de shiombail a úsáideann daoine agus iad ag guí.____________________

(5 mharc)

b. Mínigh cén fáth a n-úsáideann daoine an tsiombail, atá tugtha agat thuas, agus iad ag guí.

(9 marc)

**B.** Mol **dhá** chúis a mbíonn sé deacair ar dhaoine uaireanta guí a dhéanamh.

i.

ii.

(12 mharc)

**C.** a. An Machnamh ☐ An Aithrí ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na cineálacha paidre thuas, a bhfuil staidéar déanta agat air.

Tabhair breac-chuntas ar cad atá i gceist sa chineál paidre a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil an phaidreoireacht tábhachtach i gcás na gcomhaltaí de reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

i.

ii.

(14 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** Tabhair breac-chuntas ar cad atá i gceist in **dhá** chéim den phróiseas a dtéann duine tríd agus é/í ag déanamh cinneadh morálta.

i.

ii.

(18 marc)

**B.** a. Tabhair sampla **amháin** d’ócáid ina bhféadfadh coimhlint a bheith idir dlí stáit agus reiligiún.

(12 mharc)

b. An tIolrachas ☐ An Bunúsachas Reiligiúnach ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh sin thuas agus tabhair breac-chuntas ar an dearcadh atá ann faoin ngaol idir dlí stáit agus reiligiún.

(20 marc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Gabhann 70 marc le gach ceist)**

**Ceist 1.**

Tabhair breac-chuntas ar conas a thaispeánann pobal creidimh, a bhfuil staidéar déanta agat air:

i. tuiscint don Díograis.

ii. tuiscint don Fhís.

**Ceist 2.**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse eolais stairiúla faoi shaol Íosa ó Nazarat agus pléigh na slite ina bhfuil siad cosúil le tuairiscí a shaoil agus a bháis sna soiscéil.

**Ceist 3.**

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

Déan cur síos ar thráth den bhliain atá tábhachtach do na baill i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas. Ba chóir duit a mhíniú i do fhreagra cén fáth a bhfuil an tráth sin den bhliain tábhachtach do lucht leanúna an lae inniu.

**Ceist 4.**

*"Tá an domhan luchtaithe le mórgacht Dé."* – Gerard Manley Hopkins

Déan cur síos ar na bunchreidimh maidir le Dia atá ag na creidmhigh i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. Ba chóir duit breac-chuntas a thabhairt i do fhreagra ar conas a théann a gcreidimh maidir le Dia i bhfeidhm ar shlí mhaireachtála lucht leanúna an reiligiúin dhomhanda sin.

**Ceist 5.**

*Is féidir leis an deasghnáth cabhrú le daoine a gcreideamh a chur in iúl.*

Pléigh an tábhacht atá ag an deasghnáth do na baill i gceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas ◆ An Giúdachas

**Ceist 6.**

Tabhair breac-chuntas ar an obair atá á déanamh ag pobal creidimh **amháin** chun an ceartas a chur chun cinn. Ba chóir duit cur síos a dhéanamh i do fhreagra ar an bhfís reiligiúnach mhorálta a bhfuil an obair seo bunaithe uirthi.

DÉAN DEIMHIN DE LE DO THOIL GO DTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS

**Roinn 5.** Ceist ___

(70 marc)

# Leathanach Bán